C/2025/4961

9.9.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12104 — EDF / SAMSUNG GROUP / EURO LIVING)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4961)

1. An 26 Lúnasa 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— C98, fochuideachta faoi lánúinéireacht Electricité de France SA ('EDF', an Fhrainc),

— Savills IM European Living Fund FCP-RAIF (an 'Ciste', Lucsamburg), faoi úinéireacht Samsung Group (an Chóiré Theas).

Gheobhaidh EDF agus an Ciste rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Euro Living Master Holdco S.à.r.l. ('Euro Living', Lucsamburg).

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta fuinnimh chomhtháite é EDF atá gníomhach i nginiúint, tarchur, dáileadh, soláthar agus trádáil leictreachais, chomh maith le seirbhísí eile a bhaineann le leictreachas, sa Fhrainc agus go hidirnáisiúnta. Tá EDF gníomhach ar bhonn níos lú san earnáil gáis freisin,

— Is ilchuideachta é Samsung atá gníomhach i réimse leathan tionscal, lena n-áirítear leictreonaic, longthógáil, innealtóireacht agus árachas. Tá an Ciste faoi rialú indíreach Samsung Life Insurance Co., Ltd., eintiteas Samsung atá gníomhach go príomha i bhforbairt agus i ndíolacháin táirgí árachais saoil, i mbainistíocht sócmhainní, agus i mbainistíocht iardhíola.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Euro Living: Is le Euro Living (go díreach agus go hindíreach) naoi sócmhainn réadmhaoine tráchtála atá lonnaithe sa Ghearmáin (sócmhainn amháin), sa Spáinn (dhá shócmhainn), sa tSualainn (cúig shócmhainn) agus san Ísiltír (sócmhainn amháin) agus bainistíonn sé iad.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12104 — EDF / SAMSUNG GROUP / EURO LIVING

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË